2025/2615

19.12.2025

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2025/2615 ÓN gCOIMISIÚN

an 17 Nollaig 2025

lena leasaítear Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/403 a mhéid a bhaineann leis an deimhniú sláinte ainmhithe caighdeánach agus leis an dearbhú caighdeánach maidir le capaill chláraithe a thabhairt isteach san Aontas arís le haghaidh iomaíochta

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le galair in-tarchurtha ainmhithe agus lena leasaítear agus lena n-aisghairtear gníomhartha áirithe i réimse na sláinte ainmhithe ('Dlí maidir le Sláinte Ainmhithe') ([1]), agus go háirithe Airteagal 239(3) de,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Márta 2017 maidir le rialuithe oifigiúla agus gníomhaíochtaí oifigiúla eile arna ndéanamh lena áirithiú go gcuirtear i bhfeidhm dlí an bhia agus na beatha, rialacha maidir le sláinte agus leas ainmhithe, sláinte plandaí agus táirgí cosanta plandaí, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 999/2001, (CE) Uimh. 396/2005, (CE) Uimh. 1069/2009, (CE) Uimh. 1107/2009, (AE) Uimh. 1151/2012, (AE) Uimh. 652/2014, (AE) 2016/429 agus (AE) 2016/2031 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 1/2005 agus Rialachán (CE) Uimh. 1099/2009 ón gComhairle agus Treoracha 98/58/CE, 1999/74/CE, 2007/43/CE, 2008/119/CE agus 2008/120/CE ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 854/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus Rialachán (CE) Uimh. 882/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoracha 89/608/CEE, 89/662/CEE, 90/425/CEE, 91/496/CEE, 96/23/CE, 96/93/CE agus 97/78/CE agus Cinneadh 92/438/CEE ón gComhairle (Rialachán maidir le Rialuithe Oifigiúla) ([2]), agus go háirithe Airteagal 90, an chéad fhomhír, pointe (a) agus Airteagal 126(3) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/403 ón gCoimisiún ([3]) bunaítear, i measc nithe eile, deimhnithe caighdeánacha agus dearbhuithe caighdeánacha i bhfoirm deimhnithe sláinte ainmhithe nó deimhnithe sláinte ainmhithe/oifigiúla maidir le coinsíneachtaí de chatagóirí áirithe ainmhithe talún agus a dtáirgí geirmeacha a theacht isteach san Aontas.

(2) Le hAirteagal 177(1) agus (2) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 ón gCoimisiún ([4]), arna ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 239(1) agus (2) de Rialachán (AE) 2016/429, leagtar síos ceanglais bhreise maidir le capaill chláraithe a theacht isteach san Aontas, capaill atá de thionscnamh tríú tír nó críoch nó crios de thríú tír nó críoch, agus atá ag filleadh ar an Aontas tar éis onnmhairiú sealadach chuig tríú tír nó críoch nó crios den tríú tír nó críoch sin, chun páirt a ghlacadh i gcomórtais, rásaí nó imeachtaí cultúrtha eachaíochta.

([1]) IO L 84, 31.3.2016, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2016/429/oj.
([2]) IO L 95, 7.4.2017, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2017/625/oj.
([3]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/403 ón gCoimisiún an 24 Márta 2021 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialacháin (AE) 2016/429 agus (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le deimhnithe sláinte ainmhithe caighdeánacha agus deimhnithe sláinte ainmhithe/oifigiúla caighdeánacha, maidir le coinsíneachtaí de chatagóirí áirithe ainmhithe talún agus a dtáirgí geirmeacha, deimhniúchán oifigiúil maidir leis na deimhnithe sin a thabhairt isteach san Aontas agus maidir lena ngluaiseachtaí idir na Ballstáit, agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2010/470/AE (IO L 113, 31.3.2021, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2021/403/oj).
([4]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 ón gCoimisiún an 30 Eanáir 2020 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le rialacha maidir le coinsíneachtaí ainmhithe áirithe, táirgí geirmeacha agus táirgí de bhunadh ainmhíoch a thabhairt isteach san Aontas, agus maidir lena ngluaiseacht agus lena láimhseáil tar éis iad a thabhairt isteach (IO L 174, 3.6.2020, lch. 379, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2020/692/oj).

(3) Le Caibidil 16 (samhail 'EQUI-RE-ENTRY-90-COMP') d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/403, leagtar amach deimhniú sláinte ainmhithe caighdeánach agus an dearbhú caighdeánach maidir le capall cláraithe a theacht isteach san Aontas arís le haghaidh iomaíochta tar éis onnmhairiú sealadach ar feadh tréimhse nach faide ná 90 lá chun páirt a ghlacadh in imeachtaí eachaíochta arna n-eagrú faoi choimirce na Cónaidhme Eachaíochta Idirnáisiúnta (FEI). D'iarr Ceanada go gcuirfí an seóléim (Concours de Saut International 5*) atá ar siúl i gCeanada le liosta na n-imeachtaí eachaíochta a chumhdaítear leis an deimhniú caighdeánach sin agus leis an dearbhú caighdeánach sin. Ós rud é go gcomhlíonann an seóléim sin i gCeanada ceanglais Airteagal 177(1) agus (2) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 agus gur comórtas é a eagraítear faoi choimirce FEI, is iomchuí an seóléim (Concours de Saut International 5*) atá ar siúl i gCeanada a chur le liosta na n-imeachtaí eachaíochta a leagtar amach sa teideal agus i bpointe II.3.2 den deimhniú caighdeánach sin, agus i bpointe (b) den dearbhú caighdeánach sin. Dá bhrí sin, ba cheart Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/403 a leasú dá réir.

(4) Dá bhrí sin, ar mhaithe le soiléireacht agus comhsheasmhacht rialacha an Aontais, ba cheart an deimhniú caighdeánach agus an dearbhú caighdeánach a leagtar amach i gCaibidil 16 d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/403 a thabhairt cothrom le dáta, lena n-áirítear tagairtí, nótaí agus eilimintí struchtúracha a thabhairt cothrom le dáta, agus ba cheart an deimhniú caighdeánach agus an dearbhú caighdeánach a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán Cur Chun Feidhme seo a chur ina n-ionad ina n-iomláine.

(5) Chun deimhneacht dhlíthiúil a áirithiú, agus chun aon chur isteach ar thrádáil a sheachaint a mhéid a bhaineann le capaill chláraithe a theacht isteach san Aontas le haghaidh iomaíochta de bharr na leasuithe a dhéantar leis an Rialachán seo ar Chaibidil 16 d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/403, maidir le húsáid deimhnithe sláinte ainmhithe agus dearbhuithe a eisítear i gcomhréir le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/403, mar ab infheidhme roimh na leasuithe a dhéantar leis an Rialachán seo, ba cheart leanúint den úsáid sin a údarú le linn idirthréimhse iomchuí, faoi réir coinníollacha áirithe.

(6) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/403 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo

Airteagal 2

Go dtí an 8 Deireadh Fómhair 2026, maidir le húsáid deimhnithe sláinte ainmhithe agus dearbhuithe arna n-eisiúint i gcomhréir leis na deimhnithe caighdeánacha a leagtar amach i gCaibidil 16 d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/403, mar ab infheidhme roimh na leasuithe a dhéantar ar an Rialachán Cur Chun Feidhme sin leis an Rialachán seo, leanfaidh siad d'údarú a bheith acu maidir le capaill chláraithe a thabhairt isteach san Aontas arís le haghaidh iomaíochta ar choinníoll gur eisíodh na deimhnithe agus na dearbhuithe sin tráth nach déanaí ná an 8 Iúil 2026.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 17 Nollaig 2025.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

In Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/403, cuirtear an méid seo a leanas in ionad Chaibidil 16:

‘CAIBIDIL 16

DEIMHNIÚ SLÁINTE AINMHITHE CAIGHDEÁNACH AGUS DEARBHÚ CAIGHDEÁNACH MAIDIR LE TEACHT ISTEACH SAN AONTAS ARÍS CAPAILL CHLÁRAITHE LE hAGHAIDH IOMAÍOCHTA TAR ÉIS ONNMHAIRIÚ SEALADACH AR FEADH TRÉIMHSE NACH MÓ NÁ 90 LÁ IONAS GUR FÉIDIR LEO PÁIRT A GHLACADH IN IMEACHTAÍ EACHAÍOCHTA ARNA n-EAGRÚ FAOI CHOIMIRCE AN FÉDÉRATION EQUESTRE INTERNATIONALE (FEI) (DEIMHNIÚ CAIGHDEÁNACH ‘EQUI-RE-ENTRY-90-COMP’)

(Imeacht tástála mar ullmhúchán do na Cluichí Oilimpeacha, do na Cluichí Parailimpeacha, do na Cluichí Eachaíochta Domhanda/do Chraobhchomórtais an Domhain, do Chluichí Eachaíochta na hÁise, do Chluichí Eachaíochta Mheiriceá (lena n-áirítear na Cluichí Pan-Mheiriceánacha, Cluichí Mheiriceá Theas, Meiriceá Láir agus Mhuir Chairib), an seóléimneach (Concours de Saut International 5*) i Meicsiceo, sna Stáit Aontaithe, i gCeanada agus sa tSín, an seóléimneach (Concours de Saut International) agus an dreasáiste (Concours de Dressage International) in Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha)

<table>
<tr><td colspan="2">TÍR</td><td colspan="3"></td><td colspan="4">Deimhniú sláinte ainmhithe don Aontas Eorpach</td></tr>
<tr><td rowspan="15">Cuid I: Tuairisc ar an gcoinsíneacht</td><td>I.1</td><td colspan="2">Coinsíneoir/Onnmhaireoir
Ainm
Seoladh

Tír</td><td>Cód tíre ISO</td><td>I.2</td><td>Tagairt an deimhnithe</td><td>I.2a</td><td>Tagairt CBFRO</td></tr>
<tr><td></td><td></td><td></td><td></td><td>I.3</td><td>Údarás Inniúil Lárnach</td><td colspan="2" rowspan="2">CÓD QR</td></tr>
<tr><td></td><td></td><td></td><td></td><td>I.4</td><td>Údarás Inniúil Áitiúil</td></tr>
<tr><td>I.5</td><td colspan="2">Coinsíní/Allmhaireoir
Ainm
Seoladh

Tír</td><td>Cód tíre ISO</td><td>I.6</td><td colspan="3">An t-oibreoir atá freagrach as an gcoinsíneacht
Ainm
Seoladh

Tír</td><td>Cód tíre ISO</td></tr>
<tr><td>I.7</td><td colspan="2">Tír thionscnaimh</td><td>Cód tíre ISO</td><td>I.9</td><td colspan="2">Tír cinn scríbe</td><td>Cód tíre ISO</td></tr>
<tr><td>I.8</td><td colspan="2">Réigiún tionscnaimh</td><td>Cód</td><td>I.10</td><td colspan="2">Réigiún cinn scríbe</td><td>Cód</td></tr>
<tr><td>I.11</td><td colspan="2">Áit seolta
Ainm
Seoladh

Tír</td><td>Uimh. Chlárúcháin/Formheasa

Cód tíre ISO</td><td>I.12</td><td colspan="2">Ceann scríbe
Ainm
Seoladh

Tír</td><td>Uimh. Chlárúcháin/Formheasa

Cód tíre ISO</td></tr>
<tr><td>I.13</td><td colspan="3">Ionad luchtaithe</td><td>I.14</td><td colspan="3">Dáta agus am imeachta</td></tr>
<tr><td>I.15</td><td colspan="3">Modh iompair
☐ Aerárthach ☐ Árthach
☐ Iarnród ☐ Feithicil bhóthair
Sainaithint</td><td>I.16</td><td colspan="3">Pointe Rialaithe Trasnaithe Teorann</td></tr>
<tr><td></td><td></td><td></td><td></td><td>I.17</td><td colspan="3">Doiciméid tionlacain
Saghas
Tír
Tagairt doiciméid tráchtála</td><td>Cód
Cód tíre ISO</td></tr>
<tr><td>I.18</td><td colspan="3"></td><td colspan="4"></td></tr>
<tr><td>I.19</td><td colspan="3">Uimhir an Choimeádáin/Uimhir an tSéala
Uimh. an choimeádáin</td><td colspan="4">Uimhir shéala</td></tr>
<tr><td>I.20</td><td colspan="3">An cineál deimhniúcháin</td><td colspan="4"></td></tr>
</table>

			☐ Capall cláraithe			
I.21				**I.22**		
				I.23 ☐ **Le haghaidh teacht isteach an athuair**		
I.24			**I.25 Cainníocht iomlán**		**I.26**	
I.27 Tuairisc ar an gcoinsíneacht						
Cód AC	Speicea s	Fospeiceas/Catagóir	Gné as	Córas aitheantais	Uimhir aitheantais	Aois

TÍR **Deimhniú caighdeánach EQUI-RE-ENTRY-90-COMP**

Cuid II Deimhniúchán

II. Faisnéis sláinte	**II.a Tagairt an deimhnithe**	**II.b Tagairt CBFRO**

II. Fianú sláinte ainmhithe

Deimhnímse, an tréidlia oifigiúil a bhfuil m'ainm anseo thíos, leis seo gur fíor an méid seo a leanas:

II.1. Maidir leis an eachainmhí ar a dtugtar tuairisc i gCuid I:

II.1.1. is capall cláraithe é mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (30), de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/2035 ón gCoimisiún, nach bhfuil sé beartaithe é a mharú faoi chuimsiú galar atá tógálach d'eachainmhithe a dhíothú;

II.1.2. níl comharthaí nó siomptóim galar léirithe aige a liostaítear le haghaidh each-ainmhithe i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1882 ón gCoimisiún le linn an scrúdaithe chliniciúil arna dhéanamh an ___/___/____ (*ll/mm/bbbb*) [(1)], agus sin laistigh den tréimhse 48 uair an chloig nó ar an lá oibre deireanach sular seoladh é ón mbunaíocht chláraithe;

II.1.3. comhlíonann sé na ceanglais a fhianaítear i bpointí II.2 agus II.3 den deimhniú sláinte ainmhithe seo;

II.1.4. tá dearbhú i scríbhinn, arna shíniú ag an oibreoir atá freagrach as an ainmhí, ag gabháil leis, rud atá curtha i gceangal leis an deimhniú sláinte ainmhithe seo.

II.2. *Fianú maidir le tríú tír nó críoch, nó crios den tríú tír nó den chríoch sin agus leis an mbunaíocht seolta*

II.2.1. Seoltar an t-eachainmhí ó _____ (*cuir isteach ainm an tríú tír nó na críche, nó an chreasa den tríú tír nó den chríoch sin*), tríú tír nó críoch, nó crios den tríú tír nó den chríoch sin, ag a bhfuil ar dháta eisiúna an deimhnithe sláinte ainmhithe seo an cód __-__ [(2)] agus atá sannta don Ghrúpa Sláintíochta _____ [(2)].

II.2.2. Tagann an t-eachainmhí ar a dtugtar tuairisc i gCuid I ó thríú tír nó ó chríoch, nó ó chrios de thríú tír nó de chríoch nárbh ann d'aon fhianaise chliniciúil, shéireolaíoch (in eachainmhithe neamhvacsaínithe) ná eipidéimeolaíoch lena léiriú gur ann don tinneas Afracach eachaí inti nó ann le linn na tréimhse 24 mhí roimh dháta seolta an ainmhí chuig an Aontas agus níl aon vacsaíniú déanta in aghaidh an tinnis Afracaigh eachaí le linn na tréimhse 12 mhí roimh dháta a sheolta chuig an Aontas.

II.2.3. Tagann an t-eachainmhí ar a dtugtar tuairisc i gCuid I ó bhunaíocht atá suite i dtríú tír nó i gcríoch, nó i gcrios de thríú tír nó de chríoch inarb amhlaidh

[(3)] *cibé acu* [nach bhfuil sé tuairiscithe gur ann d'ionfhabhtú le *Burkholderia mallei* (fothach) inti ná ann le linn na tréimhse 36 mhí roimh dháta seolta an ainmhí chuig an Aontas.]

[(3)] *nó* [a bhfuil clár faireachais déanta inti a mhéid a bhaineann le hionfhabhtú le *Burkholderia mallei* (fothach) atá aitheanta ag an Aontas [(1)] le linn na tréimhse 36 mhí roimh dháta seolta an ainmhí chuig an Aontas, agus

[(3)] *cibé acu* [nach bhfuil sé tuairiscithe gur ann d'ionfhabhtú le *Burkholderia mallei* (fothach) sa bhunaíocht seolta le linn na tréimhse 36 mhí roimh dháta seolta an ainmhí chuig an Aontas.]]

[(3)] *nó* [tá sé tuairiscithe gur ann d'ionfhabhtú le *Burkholderia mallei* (fothach) sa bhunaíocht le linn na tréimhse 36 mhí roimh dháta seolta an ainmhí chuig an Aontas agus tar éis na ráige deireanaí, tá an bhunaíocht fanta faoi shrianta gluaiseachta

[(3)] *cibé acu* [go dtí an dáta a rinneadh tástáil fosúcháin chomhlánaithe le haghaidh ionfhabhtú le *Burkholderia mallei* (fothach) [(4)] ar na heachainmhithe atá fágtha sa bhunaíocht, a rinneadh, le torthaí diúltacha ar chaolú séirim 1 as 5, ar shamplaí a tógadh 6 mhí ar a laghad tar éis an dáta a maraíodh agus a scriosadh na hainmhithe a bhí ionfhabhtaithe.]]]

TÍR	Deimhniú caighdeánach EQUI-RE-ENTRY-90-COMP

[3] *nó* [ar feadh 30 lá ar a laghad tar éis an dáta a maraíodh agus a scriosadh an t-eachainmhí deireanach ar na bunaíochtaí, agus tar éis an dáta a glanadh agus a dífhabhtaíodh an bhunaíocht.]]]

II.2.4. Tagann an t-eachainmhí ar a dtugtar tuairisc i gCuid I ó bhunaíocht atá suite i dtríú tír nó i gcríoch, nó i gcrios de thríú tír nó de chríoch inarb amhlaidh

[3] *cibé acu* [nach bhfuil sé tuairiscithe gur ann do surra le linn na tréimhse 24 mhí roimh dháta seolta an ainmhí chuig an Aontas.]

[3] *nó* [a bhfuil clár faireachais maidir le surra atá aitheanta ag an Aontas déanta (1) inti nó ann le linn na tréimhse 24 mhí roimh dháta seolta an ainmhí chuig an Aontas, agus

[3] *cibé acu* [nach bhfuil sé tuairiscithe gur ann do surra sa bhunaíocht le linn na tréimhse 24 mhí roimh dháta seolta an ainmhí chuig an Aontas.]]

[3] *nó* [go bhfuil sé tuairiscithe gur ann do surra sa bhunaíocht le linn na tréimhse 24 mhí roimh dháta seolta an ainmhí chuig an Aontas, agus tar éis na ráige deireanaí, d'fhan an bhunaíocht faoi shrianta gluaiseachta

[3] *cibé acu* [go dtí an dáta a cuireadh na hainmhithe a bhí fágtha sa bhunaíocht faoi mheasúnacht imdhíonsúiteachta einsímnasctha (ELISA) le haghaidh tripineasómóise nó faoi thástáil gleanúna cárta le haghaidh tripineasómóise (CATT) de réir caolú séirim 1 ar 4 [4] arna déanamh, agus torthaí diúltacha uirthi, ar shamplaí arna dtógáil 6 mhí ar a laghad tar éis an dáta a baineadh an t-ainmhí ionfhabhtaithe deireanach den bhunaíocht.]]]

[3] *nó* [le linn na tréimhse 30 lá ar a laghad tar éis an dáta a maraíodh agus a scriosadh an t-ainmhí deireanach den speiceas liostaithe ar na bunaíochtaí, nó a maraíodh sa seamlas é agus tar éis an dáta a glanadh agus a dífhabhtaíodh an bhunaíocht.]]

II.2.5. Tagann an t-eachainmhí ar a dtugtar tuairisc i gCuid I ó bhunaíocht atá suite i dtríú tír nó i gcríoch, nó i gcrios de thríú tír nó de chríoch inarb amhlaidh

[3] *cibé acu* [nach bhfuil sé tuairiscithe gur ann don ghalar cúplála eachaí le linn na tréimhse 24 mhí roimh dháta seolta an ainmhí chuig an Aontas.]

[3] *nó* [a bhfuil clár faireachais maidir le galar cúplála eachaí atá aitheanta ag an Aontas (1) déanta inti le linn na tréimhse 24 mhí roimh dháta seolta an ainmhí chuig an Aontas, agus

[3] *cibé acu* [nach bhfuil sé tuairiscithe gur ann don ghalar cúplála eachaí sa bhunaíocht le linn na tréimhse 24 mhí roimh dháta seolta an ainmhí chuig an Aontas.]]

[3] *nó* [go bhfuil sé tuairiscithe gur ann don ghalar cúplála eachaí sa bhunaíocht le linn na tréimhse 24 mhí roimh dháta seolta an ainmhí chuig an Aontas, agus tar éis na ráige deireanaí, d'fhan an bhunaíocht faoi shrianta gluaiseachta

[3] *cibé acu* [go dtí an dáta a cuireadh na heachainmhithe a bhí fágtha sa bhunaíocht, seachas eachainmhithe fireanna coillte, faoi thástáil fosúcháin chomhlántach le haghaidh galar cúplála eachaí, arna déanamh, agus torthaí diúltacha uirthi, de réir caolú séirim 1 ar 5 [4] ar shamplaí arna dtógáil 6 mhí ar a laghad tar éis dháta maraithe agus scriosta na n-ainmhithe ionfhabhtaithe, nó tar éis dháta coillte na n-eachainmhithe fireanna ionfhabhtaithe iomlána.]]]

[3] *nó* [ar feadh 30 lá ar a laghad tar éis an dáta a maraíodh agus a scriosadh an t-eachainmhí deireanach ar na bunaíochtaí, nó a maraíodh sa seamlas é agus tar éis an dáta a glanadh agus a dífhabhtaíodh an bhunaíocht.]]]

II.2.6. An t-eachainmhí, ar a dtugtar tuairisc i gCuid I, níl sé vacsaínithe in aghaidh an einceifealaimiailítis eachaí Veiniséalaigh le linn na tréimhse 60 lá roimh dháta a sheolta chuig an Aontas, agus

TÍR		Deimhniú caighdeánach EQUI-RE-ENTRY-90-COMP
	[3] *cibé acu*	[tagann sé ó bhunaíocht atá suite i dtríú tír nó i gcríoch nach bhfuil sé tuairiscithe gur ann don einceifealaimiailíteas eachaí Veiniséalach inti le linn na tréimhse 24 mhí roimh dháta a sheolta chuig an Aontas.]
	[3] *nó*	[tagann sé ó bhunaíocht nach bhfuil sé tuairiscithe gur ann d'einceifealaimiailíteas eachaí Veiniséalach inti le linn na 6 mhí roimh dháta a seolta chuig an Aontas agus le linn na 21 lá roimh dháta seolta an ainmhí ar a dtugtar tuairisc i gCuid I chuig an Aontas, tá gach each-ainmhí sa bhunaíocht sláintiúil go cliniciúil go fóill, agus
		[3] *cibé acu* [coimeádadh an t-eachainmhí ar a dtugtar tuairisc i gCuid I cosanta ar ionsaithe ó veicteoirí feithide i mbunaíocht atá cosanta ar veicteoirí, inar cuireadh aon eachainmhí, a léiríodh ina leith gur tháinig ardú ar a theocht choirp arna tógáil go laethúil, faoi thástáil scoite víris agus go raibh toradh diúltach uirthi, le haghaidh einceifealaimiailíteas eachaí Veiniséalach [4]; agus maidir leis an eachainmhí ar a dtugtar tuairisc i gCuid I
		[3] *cibé acu* [rinneadh é a vacsaíniú in aghaidh einceifealaimiailíteas eachaí Veiniséalach le cúrsa iomlán príomhúil agus a athvacsaíniú de réir mholtaí an mhonaróra tréimhse nach lú ná 60 lá agus nach mó ná 12 mhí roimh dháta seolta an ainmhí chuig an Aontas.]]]
		[3] *nó* [cuireadh faoi thriail ar chosc haemaighleanúna é le haghaidh an einceifealaimiailítis eachaí Veiniséalaigh [4], arna déanamh, agus toradh diúltach uirthi, ar shampla arna thógáil tráth nach déanaí ná 14 lá tar éis dháta tosaithe na leithlise sa bhunaíocht atá cosanta ar veicteoirí.]]]
		[3] *nó* [rinneadh teocht choirp an eachainmhí ar a dtugtar tuairisc i gCuid I a thógáil go laethúil, is é sin gan ardú nó cuireadh an t-ainmhí faoi thástáil scoite víreas le haghaidh einceifealaimiailíteas eachaí Veiniséalach agus go bhfuarthas toradh diúltach uirthi, agus cuireadh an t-eachainmhí ar a dtugtar tuairisc i gCuid I faoi réir: (a) faoi thriail ar chosc haemaighleanúna le haghaidh an einceifealaimiailítis eachaí Veiniséalaigh [4], gan méadú ar thítear antasubstainte, arna déanamh ar shamplaí péireáilte arna dtógáil ar dhá ócáid le heatramh 21 lá, ar tógadh an dara ceann díobh le linn na tréimhse 10 lá roimh dháta a sheolta chuig an Aontas, agus (b) faoi imoibriú slabhrúil polaiméaráise cúl-trascrioptáise (ISP-CT) chun géanóm víreasach einceifealaimiailítis eachaí Veiniséalaigh a bhrath [4], agus toradh diúltach air, arna dhéanamh ar shampla arna thógáil laistigh den tréimhse 48 n-uair an chloig roimh a sheolta chuig an Aontas, agus (c) faoi réir cosaint ar ionsaithe veicteora le linn na tréimhse tar éis dháta na samplála go dtí an luchtú lena seoladh chuig an Aontas, trí úsáid chomhcheangailte a bhaint as éarthaigh feithide agus feithidicídí formheasta ar an ainmhí agus tríd an stábla agus tríd an gcóir iompair lena aghaidh a dhífheithidiú.]]
II.2.7.	Tagann an t-eachainmhí ar a dtugtar tuairisc i gCuid I ó bhunaíocht inarb amhlaidh	
	[3] *cibé acu*	[nach bhfuil sé tuairiscithe gur ann don ainéime thógálach eachaí inti le linn na tréimhse 12 mhí roimh dháta seolta an ainmhí chuig an Aontas.]
	[3] *nó*	[go bhfuil sé tuairiscithe gur ann don ainéime thógálach eachaí inti le linn na tréimhse 12 mhí roimh dháta seolta an ainmhí chuig an Aontas, agus tar éis dháta na ráige deireanaí, d'fhan an bhunaíocht faoi shrianta gluaiseachta
		[3] *cibé acu* [go dtí an dáta a cuireadh na heachainmhithe a bhí fágtha sa bhunaíocht faoi thriail idirleata imdhíonach le glóthach agair (tástáil AGID nó Coggins) nó ELISA [4] le haghaidh ainéime thógálach eachaí arna déanamh, agus torthaí diúltacha uirthi, ar shamplaí arna dtógáil ar dhá ócáid le heatramh íosta

TÍR	Deimhniú caighdeánach EQUI-RE-ENTRY-90-COMP

90 lá tar éis an dáta a rinneadh na hainmhithe ionfhabhtaithe a mharú agus a scriosadh, agus an dáta a glanadh agus a dífhabhtaíodh an bhunaíocht.]]

(3) *nó* [ar feadh 30 lá ar a laghad tar éis an dáta a maraíodh agus a scriosadh an t-eachainmhí deireanach ar na bunaíochtaí, nó a maraíodh sa seamlas é agus tar éis an dáta a glanadh agus a dífhabhtaíodh an bhunaíocht.]]]

II.2.8. Tagann an t-eachainmhí ar a dtugtar tuairisc i gCuid I ó bhunaíocht inarb amhlaidh:

II.2.8.1. nach bhfuil sé tuairiscithe gur ann d'ionfhabhtú le víreas an chonfaidh in ainmhithe talún ar coimeád inti le linn an 30 lá roimh dháta seolta an ainmhí chuig an Aontas;

II.2.8.2. nach bhfuil sé tuairiscithe gur ann don antrasc i gcrúbacha inti le linn na tréimhse 15 mhí roimh dháta seolta an ainmhí chuig an Aontas.

II.2.9. De réir mar is fearr is eol dom, agus mar a dhearbhaigh an t-oibreoir, ní raibh an t-eachainmhí ar a dtugtar tuairisc i gCuid I i dteagmháil le hainmhithe ar coimeád de speicis liostaithe nár chomhlíon na ceanglais dá dtagraítear i bpointe II.2.2 go pointe II.2.8.1 le linn na tréimhse 30 lá roimh dháta seolta an ainmhí chuig an Aontas, ná an ceanglas dá dtagraítear i bpointe II.2.8.2 le linn na tréimhse 15 mhí roimh dháta seolta an ainmhí chuig an Aontas.

II.3. *Fianú cónaithe agus maidir le leithlisiú roimh an seoladh chuig an Aontas*

II.3.1. Maidir leis an eachainmhí ar a dtugtar tuairisc i gCuid I, rinne é a thabhairt isteach sa tríú tír nó sa chríoch sheolta, nó sa chrios den tríú tír nó den chríoch sheolta sin an ___/___/____ (*ll/mm/bbbb*)

(3) *cibé acu* [go díreach ó Bhallstát an Aontais Eorpaigh _____ (cuir isteach ainm an Bhallstáit).]

(3) *nó* [ó thríú tír nó ó chríoch, nó ó chrios de thríú tír nó de chríoch … (*cuir isteach ainm an tríú tír nó na críche, nó an chreasa den tríú tír nó den chríoch sin*) atá údaraithe maidir le heachainmhithe teacht isteach san Aontas, faoi choinníollacha atá ar a laghad chomh dian céanna leo siúd a leagtar amach sa deimhniú sláinte ainmhithe seo.]

II.3.2. Maidir leis an ainmhí a d'fhág an tAontas Eorpach

(3) *cibé acu* [tréimhse is lú ná 30 lá ó shin, agus ón dáta a d'fhág sé an tAontas Eorpach ní raibh sé riamh i dtríú tír nó i gcríoch, ná i gcrios de thríú tír nó de chríoch (1) seachas cinn an Ghrúpa Sláintíochta chéanna mar an tríú tír nó an chríoch sheolta, nó an crios den tríú tír nó den chríoch sheolta sin chuig an Aontas Eorpach, agus bhí cónaí air sna bunaíochtaí faoi mhaoirseacht tréidliachta oifigiúil, coinnithe i stáblaí ar leith gan teacht i dteagmháil le heachainmhithe ag a raibh stádas sláinte ní b'ísle, seachas le linn iomaíochta agus tá páirt glactha aige nó cuireadh i stábla é i dteannta capaill a bhí páirteach sa seóléimneach (Concours de Saut International 5*)

(3) *cibé acu* [i gCeantar Uirbeach Chathair Mheicsiceo, Meicsiceo;]

(3) *agus/nó* [sna Stáit Aontaithe;]

(3) *nó* [in Shang-hai na Síne;]]

(3) *nó* [tréimhse is lú ná 60 lá ó shin, agus ón dáta a d'fhág sé an tAontas Eorpach ní raibh sé riamh i dtríú tír nó i gcríoch, ná i gcrios de thríú tír nó de chríoch (1) seachas cinn an Ghrúpa Sláintíochta chéanna mar an tríú tír nó an tríú críoch sheolta, nó an crios di, agus bhí cónaí air sna bunaíochtaí faoi mhaoirseacht tréidliachta oifigiúil, coinnithe i stáblaí ar leith gan teacht i dteagmháil le heachainmhithe ag a raibh stádas sláinte ní b'ísle, seachas le linn iomaíochta agus tá páirt glactha aige nó cuireadh i stábla é i dteannta capaill a bhí páirteach

(3) *cibé acu* [i gCluichí Eachaíochta na hÁise in _____ (*cuir isteach an áit*).]]

(3) *nó* [i gCluichí Eachaíochta Mheiriceá (5) in _____ (*cuir isteach an áit*).]]

(3) *nó* [tréimhse is lú ná 90 lá ó shin, agus ón dáta a d'fhág sé an tAontas Eorpach ní raibh sé riamh i dtríú tír nó i gcríoch, ná i gcrios de thríú tír nó de chríoch (1) seachas cinn an Ghrúpa Sláintíochta chéanna mar an tríú tír nó an chríoch sheolta, nó an crios den tríú tír nó den chríoch sheolta sin chuig an Aontas Eorpach, agus bhí cónaí air sna

TÍR	Deimhniú caighdeánach EQUI-RE-ENTRY-90-COMP

bunaíochtaí faoi mhaoirseacht tréidliachta oifigiúil, coinnithe i stáblaí ar leith gan teacht i dteagmháil le heachainmhithe ag a raibh stádas sláinte ní b'ísle, seachas le linn iomaíochta agus tá páirt glactha aige nó cuireadh i stábla é i dteannta capaill a bhí páirteach

(3) *cibé acu* [san imeacht tástála le haghaidh na gCluichí Oilimpeacha in _____ (*cuir isteach an áit*).]]

(3) *nó* [sna Cluichí Oilimpeacha in _____ (*cuir isteach an áit*).]]

(3) *nó* [sna Cluichí Parailimpeacha in _____ (cuir isteach an áit).]]

(3) *nó* [sna Cluichí Eachaíochta Domhanda/i gCraobhchomórtas an Domhain in _____ (cuir isteach an áit).]]

(3) *nó* [sa seóléimneach (Concours de Saut International 5*) i gCeanada.]]

(3) *nó* [sa seóléimneach (Concours de Saut International) nó an dreasáiste (Concours de Dressage International) in Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha.]]

Nótaí:

I gcomhréir leis an gComhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, agus go háirithe Airteagal 5(4) de Chreat Windsor (féach Dearbhú Comhpháirteach Uimh. 1/2023 ón Aontas agus ón Ríocht Aontaithe sa Chomhchoiste a bunaíodh leis an gComhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach an 24 Márta 2023, IO L 102, 17.4.2023, lch. 87) i gcomhar le hIarscríbhinn 2 a ghabhann leis an gCreat sin, áirítear an Ríocht Aontaithe i ndáil le Tuaisceart Éireann sna tagairtí don Aontas Eorpach sa deimhniú sláinte ainmhithe seo.

Déanfar an deimhniú sláinte ainmhithe seo a chomhlánú i gcomhréir leis na nótaí a bhaineann le comhlíonadh na ndeimhnithe dá bhforáiltear i gCaibidil 4 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2235 ón gCoimisiún.

Cuid I:

Tagairt bhosca I.6:	Tabhair an fhaisnéis ar an oibreoir atá freagrach as an ainmhí.
Tagairt bosca I.8:	Soláthair cód an tríú tír seolta nó na críche seolta, nó cód an chreasa den tríú tír nó den chríoch sin, mar atá sé le feiceáil i gcolún 2 den tábla i gCuid 1 d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 ón gCoimisiún.
Tagairt bhosca I.27:	'Córas sainaitheantais': Déanfar an t-ainmhí a shainaithint go haonarach le ceann de na modhanna sainaitheantais a shainítear i bpointí (a), (c), (e), nó (g) d'Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/2035, nó déanfar é a shainaithint le modh malartach i gcomhréir le hAirteagal 62 den Rialachán Tarmligthe sin (mar shampla, branda) ar choinníoll go ndéantar taifead de ina dhoiciméad sainaitheantais (pas). Sonraigh an córas sainaitheantais (amhail tatú, branda, trasfhreagróir, etc.), agus an áit anatamaíoch ar an ainmhí, a úsáidtear. Sonrófar uimhir an phas tionlacain nó an Cód Uathúil, mura mbeadh aon uimhir phas ar fáil, agus ainm an údaráis inniúil a bhailíochtaigh an pas. 'Aois': Dáta breithe (*ll/mm/bbbb*). 'Inscne': F = fireann, B = baineann, C = coillte.

Cuid II:

(1) Eiseofar an deimhniú sláinte ainmhithe laistigh den tréimhse 10 lá roimh dháta theacht na coinsíneachta ag an bpost rialaithe teorann; i gcás iompar ar muir, féadfar tréimhse bhreise a chur leis an tréimhse a bheidh ag comhfhreagairt d'fhad an turais ar muir.

Ní cheadófar an teacht isteach san Aontas i gcás inar luchtaíodh an t-ainmhí roimh dháta an údaraithe chun teacht isteach san Aontas ón tríú tír nó ón gcríoch, nó ón gcrios den tríú tír nó den chríoch sin faoi seach dá

TÍR	Deimhniú caighdeánach EQUI-RE-ENTRY-90-COMP

dtagraítear i bpointe II.2.1., nó le linn tréimhse inar ghlac an tAontas bearta sriantacha in aghaidh eachainmhithe maidir leis an teacht isteach san Aontas ón tríú tír sin nó ón gcríoch sin, nó ó chrios den tríú tír nó den chríoch sin. Seiceáil in aghaidh cholúin 8 agus 9 den tábla i gCuid 1 d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404.

(2) Cód an tríú tír, na críche nó an chreasa den tríú tír nó den chríoch sin agus cód an Ghrúpa Sláintíochta mar atá siad le feiceáil i gcolúin 2 agus 3 faoi seach den tábla i gCuid 1 d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404.

(3) Scrios murab infheidhme.

(4) Tástálacha le haghaidh fothaigh, surra, galar cúplála eachaí, ainéime thógálach eachaí agus einceifealaimiailíteas eachaí Veiniséalach ar a dtugann Saotharlann Tagartha an Aontais Eorpaigh um Ghalair Eachaí tuairisc seachas tinneas Afracach eachaí: https://sitesv2.anses.fr/en/minisite/equine-diseases/sop.

(5) Lena n-áirítear na Cluichí Pan-Mheiriceánacha, Cluichí Mheiriceá Theas, Mheiriceá Láir agus Mhuir Chairib.

Tréidlia oifigiúil

Ainm (i gceannlitreacha)

Dáta	Cáilíocht agus teideal
Stampa	Síniú

Dearbhú ón oibreoir atá freagrach as an athiontráil san Aontas tar éis capall cláraithe a bheith onnmhairithe go sealadach le haghaidh iomaíochta

Sainaithint an ainmhí [1]				
Speiceas (ainm eolaíoch)	Córas aitheantais	Uimhir aitheantais	Aois	Gnéas
Equus caballus	_____	_____	_____	_____

Dearbhaímse, an t-oibreoir a bhfuil m'ainm anseo thíos, leis seo an méid seo a leanas maidir leis an gcapall cláraithe ar a dtugtar tuairisc thuas:

(a) maidir leis an gcapall cláraithe

[2] *cibé acu* [rinneadh é a onnmhairiú go sealadach ón Aontas chuig an tríú tír nó chuig an gcríoch sheolta, nó chuig crios den tríú tír nó den chríoch sheolta sin, a seoladh chuig an Aontas an ___/___/___ (*ll/mm/bbbb*) tráth is lú ná 90 lá roimh dháta eisiúna an dearbhaithe seo;]

[2] *nó* [tháinig isteach sa tríú tír nó sa chríoch sheolta, nó i gcrios seolta den tríú tír nó den chríoch sheolta sin chuig an Aontas an ___/___/_____ (*ll/mm/bbbb*) ó _____ (*cuir isteach ainm an tríú tír nó an críoch, nó crios den tríú tír nó den chríoch sin, ónar tháinig an capall cláraithe isteach sa tríú tír nó críoch, nó crios di, lena seoltar chuig an Aontas*);]

(b) rinneadh an capall cláraithe a onnmhairiú go sealadach ón Aontas chun páirt a ghlacadh

[2] *cibé acu* [i gCluichí Eachaíochta na hÁise in _____ (*cuir isteach an áit*).]]

[2] *nó* [i gCluichí Eachaíochta Mheiriceá [3] in _____ (*cuir isteach an áit*);] [

[2] *nó* [san imeacht tástála le haghaidh na gCluichí Oilimpeacha in _____ (*cuir isteach an áit*);]

[2] *nó* [sna Cluichí Oilimpeacha in _____ (*cuir isteach an áit*);]

[2] *nó* [sna Cluichí Parailimpeacha in _____ (*cuir isteach an áit*);]

[2] *nó* [sna Cluichí Eachaíochta Domhanda/i gCraobhchomórtas an Domhain in _____ (*cuir isteach an áit)*;]

[2] *nó* [sa seóléimneach (Concours de Saut International 5*) in

[2] *cibé acu*[i gCeantar Uirbeach Chathair Mheicsiceo, Meicsiceo;]

[2] *agus*/*nó* [na Stáit Aontaithe;]]

[2] *nó* [Ceanada;]]

[2] *nó* [in Shang-hai na Síne;]

[2] *nó* [sa seóléimneach (Concours de Saut International) nó an dreasáiste (Concours de Dressage International) in Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha;]

(c) le linn na tréimhse 15 mhí roimh an dáta seolta chuig an Aontas, ní raibh an capall cláraithe i dteagmháil le hainmhithe ar a bhfuil galair ionfhabhtaíocha ná thógálacha is in-tarchurtha chuig eachainmhithe;

(d) déanfar an t-iompar ar bhealach a fhágann gur féidir sláinte agus leas an chapaill chláraithe a chosaint go héifeachtach i ngach céim den turas;

(e) comhlíontar na coinníollacha cónaithe agus maidir le leithlisiú réamhonnmhairiúcháin mar is infheidhme i gcomhréir le pointe II.3 den deimhniú sláinte ainmhithe tionlacain le haghaidh an tríú tír nó na críche seolta, nó an chreasa den tríú tír nó den chríoch sheolta sin chuig an Aontas.

Ainm agus seoladh an oibreora _____

Dáta _____ (*ll/mm/bbbb*)

_____

(*Síniú*)

[1] Córas sainaitheantais: Déanfar an t-ainmhí a shainaithint go haonarach le ceann de na modhanna sainaitheantais a shainítear i bpointí (a), (c), (e), nó (g) d'Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/2035 ón gCoimisiún, nó déanfar é a shainaithint le modh malartach i gcomhréir le hAirteagal 62 den Rialachán Tarmligthe sin (mar shampla, branda) ar choinníoll go ndéantar taifead de ina dhoiciméad sainaitheantais (pas). Sonraigh an córas sainaitheantais (amhail tatú, branda, trasfhreagróir, etc.), agus an áit anatamaíoch ar an ainmhí, a úsáidtear.
Sonrófar uimhir an phas tionlacain nó an Cód Uathúil, mura mbeadh aon uimhir phas ar fáil, agus ainm an údaráis inniúil a bhailíochtaigh an pas.
Aois: Dáta breithe (ll/mm/bbbb).
Gnéas: F = fireann, B = baineann, C = coillte.

[2] Scrios murab infheidhme.

(3) Lena n-áirítear na Cluichí Pan-Mheiriceánacha, Cluichí Mheiriceá Theas, Mheiriceá Láir agus Mhuir Chairib.’